

Review

Reviewed Work(s): AN COLM BÁN / LA BLANCHE COLOMBE by LIAM Ó MUIRTHILE

Review by: CAITLÍN NIC ÍOMHAIR

Source: *Comhar*, Iml. 74, Uimh 6 (MEITHEAMH 2014), p. 30

Published by: Comhar Teoranta

Stable URL: <https://www.jstor.org/stable/43499864>

Accessed: 29-06-2020 09:41 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at <https://about.jstor.org/terms>



JSTOR

Comhar Teoranta is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*

AN COLM BÁN / LA BLANCHE COLOMBE

LE LIAM Ó MUIRTHILE

COIS LIFE (2014) | 265 LCH | ISBN 9-781907-494338 | €14

LÉIRMHEAS: CAITLÍN NIC ÍOMHAIR



Úrscéal thar a bheith uaillmhianach atá in *An Colm Bán / la blanche colombe*, duaisleabhar an Oireachtais ó pheann an údair ilseánra Liam Ó Muirthile. Scéal é faoi chailín misniúil aimsire a bhaineann hallaí ceabairé Pháras na bhfichidí amach, agus faoi scríbhneoir a théann ar thóir scéal an chailín i bPáras an lae inniu. Fágann sé seo go bhfuil beirt phríomhcharachtar in *An Colm Bán*: duine ar lorg rian an duine eile agus iad ag

maireachtáil i dtréimhsí difriúla. Éiríonn go measartha leis an údar an dá shraith a láimhseáil, ag tarraingt chuige reacaireacht uilefhiosach i gcás an chailín agus guth na chéad phearsan i gcás an fhir chomhaimseartha.

Scoilte ina dhá chuid, faigheann carachtar amháin tromlach gach leithe agus gobann scéal an duine eile aníos ó am go chéile. Is sórt bildungsroman é an chéad leath a phléann le teacht in inmhe Nóra Buckley, an cailín aimsire, agus í ag diúltú don dán atá roimpi in Éirinn na haoise seo caite. Leanann muid forbairt Nóra ó chailín cosnochta a 'rinc ... as an mbroinn' go n-éiríonn sí ina healaíontóir cumasach ag teacht ar a cló ceart i bhfad as baile.

Scéal scaoilte bleachtairachta atá i gceist i gcuid a dó, a dhíríonn isteach ar thréimhse a chaitheann William Driscoll, scríbhneoir, i bPáras agus beatha Nóra á fiosrú aige. Tógtar carachtar Nóra go cúramach os ár gcomhair, ach is duine fásta réamhdhéanta é William cheana ag tús an scéil, agus is beag dua a chaitear len é a chur inár láthair thairis sin. Is trua nach nochtar níos mó dá stair féin, cuirim i gcás, agus nach gcaitear níos mó ama ag míniú dúinn cén fáth a bhfuil dúspéis aige i Nóra. Gan fios a spreagtha, bíonn blas beagáinín saorga ar phríomhchúram an phlota agus ní bhíonn an fuadar céanna fúinne scéal Nóra a nochtadh.

Is é seo an príomhloch atá agam ar an leabhar: cé go bhfuil sé dea-scríofa agus lán samhlaíochta, tá easpa slachta ann atá tubaisteach go leor i leabhar atá chomh huaillmhianach leis. Tá plota maith ann, ach téann sé i bhfuair uaireanta, é plúchta ag an iomarca cur síos. B'fhearr liom aithne cheart a chur ar an reacaire comhaimseartha ná mionsonraí faoi theach agus tháinte chlann Nóra, cuirim i gcás. Gaiste coitianta é seo san fhicsean stairiúil, nó bítear chomh dícheallach sin ag iarraidh a bheith réalaióch go dtugtar tús áite don taighde agus titeann gluaiseacht an scéil siar dá bharr. Fadhb í a mhaolaíonn de réir

mar a bhogann an t-am ar aghaidh sa scéal, ach ar an chuid is measa de, déantar cur síos fadálach fánach ar an taobh amuigh in *An Colm Bán* nuair b'fhiúntaí na carachtair (agus dá réir sin ár mbá leo) a fhorbairt.

Ná ceaptar gur lochtach ar fad an leabhar é – ní hea. Cuirfidh an léiriú geanúil ar Pháras cumha ar chroí an té a chaith seal ann. Ón uair go bhfeictear an chathair trí shúile iasachta, brúitear úire isteach sa scéal a raibh muid go géar ina dith. Tagann feabhas ar chúrsaí a luaithe is a fhágtar Éire: tá dlús faoin chur síos ar cheol, ar rince agus ar an amharcealaín a bhí ar lár roimhe seo, agus beocht sna healaíontóirí a mbuaileann William leo fan na slí. Ba bhreá liom deoch a ól le Mamidou, mioncharachtar nach mbuailtear ach go fánach leis, tá a charachtar chomh beo sin. Tá cur síos allta iontach ar sheisiúin phéinteála agus, gan an plota a mhilleadh, bainfidh an chríoch shuntasach geit agus b'fhéidir deoir asat.

Is léir tionchar na filíochta ar an chuid is fearr den phrós atá glinn snoite agus, go deimhin, tá dán éachtach anseo a bhaineann corr éifeachtach úr as Anach Cuain. Is mór is fiú an beart sin a léiríonn gur iomaí gort gan treabhadh fós i litríocht na Gaeilge. Ní amháin go ndéantar comóradh ar 'fir is mná agus leanaí nár áiríodh' in aois na síornuachta, ach baintear leas cliste as an idirthéacsúlacht le hionannú a dhéanamh idir tubaistí na tíre seo agus cruachas i gcéin. Coibhneas é nach áil linn cuimhneamh air i gcónaí agus muid ag dul i ngleic le cineálacha éagsúla imirce, agus molaim Ó Muirthile as an neamhréir sin a mheabhru dúinn. I dtreo dheireadh an leabhair, baintear amach guth atá *engagé* agus foscailte gan titim an iomarca chun teagaisc.

... bainfidh an chríoch shuntasach geit agus b'fhéidir deoir asat

Is doiligh teacht ar fhocal féaráilte scoir faoin leabhar seo a fhéachann leis an oiread sin – an iomarca, b'fhéidir – sraitheanna a tharraingt le chéile. Den chuid is mó, déanann Ó Muirthile léirmhíniú caolchúiseach báúil ar fhorbairt mná óige i dtréimhse a bhí doicheallach go maith roimh a leithéid de phéacóg. Is maith ann an cur síos breá neamhbhalbh ar mhianta craicinn na beirte, bíodh is nach bhfuair mé féin blas na fírinne ar eachtraí Nóra. Cuirtear críoch an-láidir lena scéal siúd, ach tá boirbe éigin le clabhsúr an duine chomhaimseartha.

Príomhbhua agus príomhloch an leabhair í a uaillmhian, a fhéachann le dhá chogadh dhomhanda, trí aois, trí thír agus ar a laghad ceithre theanga a fhí isteach in aon scéal scoipiúil amháin. Cé nach n-éiríonn leis i gcónaí, tá aitheantas tuillte ag an saothar as scéal na hÉireann, na hEorpa agus na hAfraice a tharraingt le chéile. Thar dhath ar bith eile, is é cur síos allta Uí Mhuirthile ar shult buile na gcéadfaí sa rince, sa chollaíocht agus san ealaín barr maise an leabhair, agus maithfidh an té a thagann as an tús lag neamhfhoirfeacht na hiarrachta dá bharr sin.